C/2025/2773

20.5.2025

TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Aibreán 2025

maidir leis na hAirteagail Chomhlachais, Rialacha Nós Imeachta, lena n-áirítear na Rialacha Nós Imeachta maidir le dul i gcomhairle le geallsealbhóirí agus liosta chomhaltaí Líonra Eorpach na nOibreoirí Gréasáin Hidrigine

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

(C/2025/2773)

I. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Beartaítear le hAirteagal 57(10) de Rialachán (AE) 2024/1789 ([1]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle go dtabharfaidh an Coimisiún Eorpach tuairim do Líonra Eorpacha na nOibreoirí Gréasáin Hidrigine maidir lena ndréacht-reachtanna, a rialacha nós imeachta agus liosta a chomhaltaí.

An 30 Lúnasa 2024, chuir Líonra Eorpach na nOibreoirí Gréasáin Hidrigine (dá ngairtear 'ENNOH' anseo feasta) a Airteagail Chomhlachais, a Rialacha Nós Imeachta, lena n-áirítear na Rialacha Nós Imeachta maidir le dul i gcomhairle le geallsealbhóirí, agus liosta a Chomhaltaí faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh agus Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (dá ngairtear 'ACER' anseo feasta).

An 18 Nollaig 2024, ghlac ACER tuairim maidir leis na hAirteagail Chomhlachais, na Rialacha Nós Imeachta, lena n-áirítear na Rialacha Nós Imeachta maidir le dul i gcomhairle le geallsealbhóirí, agus liosta na gcomhaltaí, agus toradh comhairliúcháin phoiblí á chur san áireamh aige, agus chuir sé an tuairim sin faoi bhráid an Choimisiúin an 19 Nollaig (dá ngairtear 'Tuairim ACER' anseo feasta ([2])).

Agus tuairim ACER an 18 Nollaig 2024 á cur san áireamh ag an gCoimisiún, tugann sé leis seo an tuairim seo a leanas maidir le liosta chomhaltaí, reachtanna agus rialacha nós imeachta ENNOH.

II. MEASÚNÚ

II.1. Aidhm agus Gníomhaíochtaí – Airteagal 4 de na hAirteagail Chomhlachais

II. 1.1 *Ábhar*

In Airteagal 57 de Rialachán (AE) 2024/1789, sainítear cuspóirí ENNOH, lena n-áirítear cuspóirí a bhaineann leis an aeráid (Airteagal 57(6)). An tráth céanna, sainítear aidhm ENNOH in Airteagal 4(1) de na hAirteagail Chomhlachais agus tá sé ar aon dul le hAirteagal 57(1) de Rialachán (AE) 2024/1789 ach fágtar ar lár an oibleagáid tacú le cuspóirí aeráide.

II. 1.2 *Tuairim ACER*

Tugann ACER dá aire gur neamhréireacht le Rialachán (AE) 2024/1789 é cuspóirí na nAirteagal Comhlachais a bhaineann leis an aeráid a fhágáil ar lár agus go bhféadfadh sé raon feidhme gníomhaíochta ENNOH a chúngú go neamhbheartaithe. Ina theannta sin, chuir geallsealbhóirí i dtábhacht i gcomhairliúchán poiblí ACER gur gá aidhm agus gníomhaíochtaí ENNOH a ailíniú le spriocanna dícharbónaithe agus inbhuanaitheachta an Aontais, lena n-áirítear béim a leagan ar thosaíocht na hidrigine in-athnuaite agus ar úsáid na hidrigine in-athnuaite in earnálacha is deacair a dhícharbónú. Dá bhrí sin, molann ACER na cuspóirí sin a chur go sainráite le haidhm ENNOH a shainítear in Airteagal 4(1) de na hAirteagail Chomhlachais.

II.1.3 *Tuairim an Choimisiúin*

In Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2024/1789, leagtar amach prionsabail shoiléire maidir le heagrú margaí hidrigine, lena n-áirítear cuspóirí a bhaineann leis an aeráid (trí oibríocht an mhargaidh agus pleanáil gréasáin, mar shampla, tabharfar tosaíocht d'úsáid hidrigine in earnálacha is deacair a dhícharbónú agus déanfar baint amach spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais a éascú).

Mar fhocal scoir, measann an Coimisiún gur cheart Airteagal 4 de na hAirteagail Chomhlachais a mhodhnú chun go n-áireofar cuspóirí a bhaineann leis an aeráid ann.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1789 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir leis na margaí inmheánacha do ghás in-athnuaite, gás nádúrtha agus hidrigine, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1227/2011, (AE) 2017/1938 agus (AE) 2019/942 agus (AE) 2022/869 agus Cinneadh (AE) 2017/684 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 (athmhúnlú) (IO L 108, 15.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1789/oj).

([2]) Tuairim Uimh. 10/2024 ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh an 19 Nollaig 2024, Tuairim ACER 10-2024 maidir le doiciméid reachtúla ENNOH.

II.2. **Comhaltaí an Chomhlachais – Airteagail 6 agus 7 de na hAirteagail Chomhlachais agus Airteagal 2 de na Rialacha Nós Imeachta**

II. 2.1 *Ábhar*

Sainítear in Airteagal 57 de Rialachán (AE) 2024/1789 go mbeidh ENNOH comhdhéanta d'oibreoirí gréasáin tarchurtha hidrigine arna ndeimhniú de bhun Airteagal 71 de Threoir (AE) 2024/1788 ([3]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Tugtar isteach leis an reachtaíocht freisin forálacha idirthréimhseacha lena gcuirtear san áireamh cineál nuaghinte an mhargaidh hidrigine atá ag forbairt. Níos beaichte fós, bunaítear leis an reachtaíocht idirthréimhse trína lua in Airteagal 57(3) go bhfuil oibreoirí gréasáin tarchurtha hidrigine incháilithe le bheith ina gcomhaltaí de ENNOH ó thús a nósanna imeachta deimhniúcháin arna dhéanamh ag an údarás rialála. Tá an comhaltas sin faoi réir an mhéid seo a leanas:

deimhniú dearfach a dhéanamh ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2024/1789 agus le hAirteagal 71 de Threoir (AE) 2024/1788 sula mbeidh 24 mhí caite aige agus é ina chomhalta de ENNOH; agus

tionscadail bonneagair hidrigine a fhorbairt ar a laghad le cinneadh infheistíochta deiridh sula mbeidh 4 bliana caite aige agus é ina chomhalta de ENNOH.

Le hAirteagal 7 de na dréacht-Airteagail Comhlachais, áfach, déantar na critéir incháilitheachta a leathnú thar a leagtar amach sa reachtaíocht trí chatagóir bhreise a chruthú, is í sin 'comhaltaí bunaidh', agus trína lua go bhfuil an 'Comhlachas bunaithe ag na Comhaltaí Bunaidh'. Thairis sin, luaitear in Airteagal 2(3) de na dréacht-Rialacha Nós Imeachta go measfar, i gcás comhaltaí bunaidh, an nós imeachta deimhniúcháin a bheith tosaithe a luaithe a chuirfidh comhalta bunaidh cóip d'iarraidh isteach ina n-iarrfaidh sé ar an údarás rialála tús a chur leis an nós imeachta deimhniúcháin.

Ceanglaítear ar na Ballstáit Treoir (AE) 2024/1788, lena n-áirítear Airteagal 71 maidir le deimhniú, a thrasuí ina reachtaíocht náisiúnta laistigh de thréimhse thrasuí 2 bhliain, dar críoch an 5 Lúnasa 2026. Áirítear leis sin freisin reachtaíocht náisiúnta a bhunú lena dtugtar na cumhachtaí is gá d'údaráis rialála chun an próiseas deimhniúcháin a dhéanamh.

II. 2.2 *Tuairim ACER*

Tarraingíonn ACER trí phríomh-shaincheist anuas maidir le comhaltas ENNOH.

Ar an gcéad dul síos, tugann ACER dá aire go sainordaítear go soiléir in Airteagal 57(3) de Rialachán (AE) 2024/1789 nach mór ENNOH a bheith comhdhéanta d'oibreoirí gréasáin tarchurtha hidrigine arna ndeimhniú de réir Airteagal 71 de Threoir (AE) 2024/1788. Tugtar an ceanglas deimhniúcháin sin le tuiscint sna dréachtdhoiciméid reachtúla. Mar sin féin, chun aon débhríocht a sheachaint, molann ACER foclaíocht níos soiléire a úsáid trína lua go sainráite in Airteagal 6(1) de na hAirteagail Chomhlachais nach mór comhaltaí ENNOH a dheimhniú faoi Airteagal 71 de Threoir (AE) 2024/1788. Molann ACER freisin a shoiléiriú sna doiciméid reachtúla, de mhaolú ar Airteagal 57(3) de Rialachán (AE) 2024/1789, go bhfuil oibreoir gréasáin tarchurtha hidrigine, a bhfuil maolú aige ó Airteagal 68 de Threoir (AE) 2024/1788 maidir leis an gceanglas i dtaca le díchuachadh, incháilithe le bheith ina chomhalta de ENNOH freisin, faoi réir na gcoinníollacha a shonraítear in Airteagal 57(4) den Rialachán.

Ar an dara dul síos, tugann ACER dá aire go mbainfí an bonn den bhunús dlí chun ENNOH a bhunú agus go gcaithfí amhras ar dhlisteanacht a tháirgí insoláthartha dá ligfí comhaltaí bunaidh isteach in ENNOH mar chomhaltaí gan an nós imeachta deimhniúcháin a thionscnamh go foirmiúil mar a leagtar amach in Airteagal 57 de Rialachán (AE) 2024/1789, ach bunaithe ar iarraidh ón gcuideachta atá le deimhniú ar an údarás rialála náisiúnta faoin dlí náisiúnta. D'fhéadfadh dúshláin a bheith mar thoradh air sin maidir le hinchreidteacht agus glacadh obair ENNOH, ós rud é go bhféadfadh geallsealbhóirí a cheistiú an raibh bunú an chomhlachais dlíthiúil ar an gcéad dul síos.

Tugann ACER dá aire freisin go mbraitheann an próiseas a mholtar sna hAirteagail Chomhlachais agus sna Rialacha Nós Imeachta, den chuid is mó, ar an gcaoi a bhfreagraíonn an t-údarás rialála don iarraidh ar an nós imeachta deimhniúcháin a thionscnamh. Ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh an inniúlacht dhlíthiúil ag an údarás rialála iarrataí den sórt sin a phróiseáil sula ndéanfar an Treoir a thrasuí sa dlí náisiúnta, is dócha go measfaí na hiarrataí sin a bheith neamh-inghlactha.

Cuireann ACER i dtábhacht freisin an riosca go bhféadfadh comhaltaí bunaidh a gcomhaltas a chailliúint mura bhfuil siad deimhnithe laistigh de thréimhse 2 bhliain tar éis dóibh dul isteach in ENNOH mar chomhaltaí. Dar le ACER, ní beag an riosca sin, ós rud é go bhfuil go dtí an 5 Lúnasa 2026 ag na Ballstáit chun an Treoir a thrasuí. Leis an gcur chuige sin, tá an baol ann freisin nach ndéanfar ach na hábhair imní a bhaineann le tús a chur le feidhmiú éifeachtach rianúil ENNOH a chur siar go dtí mí Lúnasa 2026.

([3]) Treoir (AE) 2024/1788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le rialacha comhchoiteanna do na margaí inmheánacha do ghás in-athnuaite, do ghás nádúrtha agus do hidrigin, lena leasaítear Treoir (AE) 2023/1791 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/73/CE (IO L, 2024/1788, 15.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1788/oj).

Dá bhrí sin, cuireann ACER cur chuige malartach pragmatach i láthair, ina ndéantar an Treoir a thrasuí go páirteach ach go caoithiúil sna Ballstáit, agus aird ar leith á tabhairt ar rialacha náisiúnta atá in easnamh maidir le deimhniú oibreoirí gréasáin tarchurtha hidrigine. Cé go gcuirfeadh sé deireadh leis na hábhair imní dhlíthiúla thuasluaite, tuigeann ACER nach faoi ENNOH ná a chomhaltaí atá sé an réiteach sin a thionscnamh.

Aithníonn ACER gur cruthaíodh dúshlán nach beag d'fheidhmiú éifeachtach ENNOH le linn na tréimhse tosaigh sin mar thoradh ar an difríocht maidir le huainiú idir na ceanglais chun ENNOH a bhunú agus Treoir (AE) 2024/1788 a thrasuí ar an leibhéal náisiúnta. Dar le ACER, leis na dréachtdhoiciméid reachtúla, tugtar aghaidh ar an bhfadhb sin trí iarracht a dhéanamh teacht ar réiteach praiticiúil chun tacú le bunú tráthúil ENNOH, gan bheith faoi shrian na tréimhse 2 bhliain a sholáthraítear do na Ballstáit chun forálacha deimhniúcháin na Treorach a thrasuí ina ndlíthe náisiúnta.

Ar an tríú dul síos, sainaithníonn ACER freisin an riosca go ndéanfaí an Treoir a thrasuí ar luasanna éagsúla ar fud na mBallstát, agus d'fhéadfadh ionadaíocht réigiúnach mhíchothrom ar oibreoirí laistigh de ENNOH sa chéim thosaigh a bheith mar thoradh air sin, rud a d'fhéadfadh cineál ionadaíoch mhodhanna oibre ENNOH a chur i mbaol, mar a bhí beartaithe ag reachtóir an Aontais ([4]).

Dá bhrí sin, molann ACER do chomhaltaí ENNOH an riosca sin a mhaolú, má thagann sé chun cinn, trí idirchaidreamh a dhéanamh, a mhéid is féidir, le comhaltaí ionchasacha nach bhfuil in ann dul isteach in ENNOH go fóill ach a bhfuil coinne leis go rachaidh siad isteach amach anseo. Dar le ACER, b'fhearr a bhainfí é sin amach trí pháirt réamhghníomhach a thabhairt do chomhaltaí ionchasacha in ullmhú tháirgí insoláthartha tosaigh ENNOH agus na leasanna hidrigine ábhartha uile á gcur san áireamh. Deir ACER freisin go mbeadh an comhar sin ann lasmuigh d'fhorálacha na ndoiciméad reachtúil.

II.2.3 *Tuairim an Choimisiúin*

Tá roinnt barúlacha ag an gCoimisiún a mhéid a bhaineann le hAirteagail 6 agus 7 de na dréacht-Airteagail Chomhlachais agus Airteagal 2 de na dréacht-Rialacha Nós Imeachta.

Ar an gcéad dul síos, sainordaítear go soiléir in Airteagal 57(3) de Rialachán (AE) 2024/1789 nach mór ENNOH a bheith comhdhéanta d'oibreoirí gréasáin tarchurtha hidrigine arna ndeimhniú de réir Airteagal 71 de Threoir (AE) 2024/1788. Aontaíonn an Coimisiún le ACER go bhfuil tagairt shoiléir do dheimhniú oibreoirí gréasáin tarchurtha hidrigine in easnamh sna doiciméid reachtúla.

Chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar imní sin, molann an Coimisiún:

— foclaíocht níos soiléire a úsáid trína lua go sainráite in Airteagal 6(1) de na hAirteagail Chomhlachais nach mór do chomhaltaí ENNOH a bheith deimhnithe faoi Airteagal 71 de Threoir (AE) 2024/1788; agus

— na doiciméid reachtúla a shoiléiriú, de mhaolú ar Airteagal 57(3) de Rialachán (AE) 2024/1789, go bhfuil oibreoir gréasáin tarchurtha hidrigine, a bhfuil maolú aige ó Airteagal 68 de Threoir (AE) 2024/1788 maidir leis an gceanglas i dtaca le díchuachadh, incháilithe le bheith ina chomhalta de ENNOH freisin, faoi réir na gcoinníollacha a shonraítear in Airteagal 57(4) den Rialachán.

Ar an dara dul síos, aithníonn an Coimisiún an dúshlán atá ann d'fheidhmiú éifeachtach ENNOH sa chéim thosaigh, dúshlán a cruthaíodh mar thoradh ar an difríocht maidir le huainiú idir na ceanglais maidir le ENNOH a bhunú agus Treoir (AE) 2024/1788 a thrasuí ar an leibhéal náisiúnta. Is réamhriachtanas é an trasuí chun go mbeidh na húdaráis rialála sna Ballstáit in ann deimhniú oibreoirí gréasáin tarchurtha hidrigine a thionscnamh agus dul ar aghaidh leis.

An tráth céanna, measann an Coimisiún go bhfuil na rialacha in Airteagail 6 agus 7 de na dréacht-Airteagail Chomhlachais agus Airteagal 2 de na dréacht-Rialacha Nós Imeachta éagsúil leis na rialacha a leagtar amach in Airteagal 57 de Rialachán (AE) 2024/1789, ina leagtar amach go soiléir na ceanglais nach mór d'oibreoirí gréasáin hidrigine a chomhlíonadh chun bheith incháilithe do chomhlachas ENNOH. Is é is aidhm do na dréachtdhoiciméid reachtúla é a chur ar a gcumas do chomhaltaí bunaidh, i.e. cuideachtaí atá ag oibriú faoi láthair mar oibreoirí córais tarchurtha gáis sna Ballstáit, a bheith ina gcomhaltaí de ENNOH gan na ceanglais in Airteagal 57 de Rialachán (AE) 2024/1789 a chomhlíonadh.

Comhaontaíonn an Coimisiún le ACER go mbeadh réiteach malartach ann dá ndéanfaí an Treoir a thrasuí go páirteach agus go caoithiúil, agus aird ar leith á tabhairt ar na forálacha a bhaineann le díchuachadh agus deimhniú oibreoirí gréasáin tarchurtha hidrigine. Tugann an Coimisiún dá aire, áfach, gur faoi na Ballstáit atá sé an réiteach sin a thionscnamh seachas faoi na cuideachtaí atá ag bunú ENNOH.

I bhfianaise an mhéid sin thuas, measann an Coimisiún nach mór na dréacht-Airteagail Chomhlachais, na dréacht-Rialacha Nós Imeachta agus dréachtliosta na gcomhaltaí a mhodhnú chun a áirithiú go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta, is é sin le rá go bhfuil siad deimhnithe nó go bhfuil an próiseas deimhniúcháin tosaithe acu, mar a leagtar amach in Airteagal 57 de Rialachán (AE) 2024/1789.

([4]) Féach Aithris (78) de Rialachán (AE) 2024/1789.

Ar an tríú dul síos, aontaíonn an Coimisiún le ACER go ndéanfaí an Treoir a thrasuí ar luasanna éagsúla ar fud na mBallstát, agus d'fhéadfadh ionadaíocht réigiúnach mhíchothrom ar oibreoirí in ENNOH sa chéim thosaigh a bheith mar thoradh air sin, rud a d'fhéadfadh cineál ionadaíoch mhodhanna oibre ENNOH a chur i mbaol, mar a leagtar amach in Aithris (78) de Rialachán (AE) 2024/1789.

Molann an Coimisiún do ENNOH dul i gcomhairle, a mhéid is féidir, leis na hoibreoirí gréasáin tarchurtha hidrigine sin ar comhaltaí ionchasacha iad agus a bhfuil coinne leis go rachaidh siad isteach in ENNOH go luath amach anseo. Ós rud é go mbeadh comhar den sórt sin ann lasmuigh d'fhorálacha na ndoiciméad reachtúil, ní gá athruithe a dhéanamh ar na dréacht-Airteagail Chomhlachais ná ar na dréacht-Rialacha Nós Imeachta. An tráth céanna, ba cheart do ENNOH gníomhú go neamhspleách agus an trédhearcacht is gá a sholáthar chun go mbeifear in ann gréasán píblínte hidrigine an Aontais a bheidh ann amach anseo a fhorbairt agus a oibriú go costéifeachtach.

Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil an deis ag na Ballstáit, faoi Airteagal 57(5) de Rialachán (AE) 2024/1789, eintiteas a ainmniú mar chomhpháirtí comhlachaithe laistigh de ENNOH. Éascaítear leis sin cuimsiú foirmiúil comhaltaí ionchasacha i bhforbairt tháirgí insoláthartha tosaigh ENNOH, trí ról dea-shainithe struchtúrtha a thabhairt dóibh go dtí go mbeidh a ndeimhniú oibreora gréasáin tarchurtha hidrigine curtha i gcrích.

II.3. **Comhaltaí nua a chur leis agus comhlachas a aistriú – Airteagail 7 agus 8 de na hAirteagail Chomhlachais**

II. 3.1 *Ábhar*

Luaitear in Airteagal 7 de na dréacht-Airteagail Chomhlachais gurb é Comhthionól Ginearálta ENNOH a dhéanann an cinneadh maidir le comhaltaí nua a ghlacadh isteach. Thairis sin, tá sé de rogha ag an Comhthionól Ginearálta iarratas ar chomhlachas a dhiúltú, ar choinníoll go bhfuil údar lena chinneadh, ach gan na critéir chun iarratas a dhiúltú a leagan amach.

Ar an gcuma chéanna, sainordaítear don Chomhthionól Ginearálta in Airteagal 8 de na dréacht-Airteagail Chomhlachais cinneadh a dhéanamh maidir le hiarraidh ar aistriú comhlachais chuig eintiteas a chomhlíonann critéir chomhlachais ENNOH. Ba cheart don Chomhthionól Ginearálta an cinneadh sin a dhéanamh bunaithe ar mholadh ó Bhord ENNOH. Ní leagtar amach sna Airteagail Chomhlachais critéir mar bhonn le cinneadh den sórt sin, áfach.

II. 3.2 *Tuairim ACER*

Cuireann ACER in iúl gur ábhar imní dó na cumhachtaí lánroghnacha a tugadh do Chomhthionól Ginearálta ENNOH maidir le comhaltaí nua a ghlacadh isteach nó cinneadh a dhéanamh maidir le haistrithe comhlachais, go háirithe an fhéidearthacht diúltú d'oibreoir gréasáin tarchurtha hidrigine de chuid an Aontais ar chúiseanna seachas gur theip air na critéir incháilitheachta comhlachais a leagtar amach in Airteagal 57 de Rialachán (AE) 2024/1789 a chomhlíonadh.

Dar le ACER, d'fhéadfadh sé sin teacht salach ar Airteagal 57(1) den Rialachán lena sainordaítear do na hoibreoirí gréasáin tarchurtha hidrigine uile dul i gcomhar le chéile ar leibhéal an Aontais trí ENNOH agus lena gcuirtear comhaltaí nua faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le comhaltaí bunaidh.

Dá bhrí sin, molann ACER cinneadh an Chomhthionóil Ghinearálta maidir le comhaltaí nua a ghlacadh isteach agus aistrithe comhlachais a bheith teoranta d'fhíorú gur oibreoirí gréasáin tarchurtha hidrigine de chuid an Aontais iad na comhaltaí is iarrthóirí de réir bhrí na Treorach agus go bhfuil tús curtha acu leis an nós imeachta deimhniúcháin i gceann de na Ballstáit. Má chomhlíontar na coinníollacha sin, ba cheart don Chomhthionól Ginearálta na comhaltaí nua a ghlacadh isteach nó aistrithe a cheadú gan tuilleadh discréide.

II.3.3 *Tuairim an Choimisiúin*

Aontaíonn an Coimisiún le ACER go bhféadfaí bac a chur ar oibreoirí gréasáin tarchurtha hidrigine an Aontais a n-oibleagáid a chomhlíonadh faoi Airteagal 57(1) de Rialachán (AE) 2024/1789 dul i gcomhar le chéile ar leibhéal an Aontais trí ENNOH dá dtabharfaí an discréid do Chomhthionól Ginearálta ENNOH cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratais ar chomhlachas agus aistrithe comhlachais.

Molann an Coimisiún, dá bhrí sin, Airteagail 7 agus 8 de na dréacht-Airteagail Chomhlachais a athrú chun ról Chomhthionól Ginearálta ENNOH maidir le comhaltaí nua a ghlacadh isteach agus maidir le haistrithe comhlachais a theorannú chun nach mbeidh le déanamh aige ach a fhíorú go gcomhlíontar critéir chomhlachais Airteagal 57 de Rialachán (AE) 2024/1789.

II.4. **Breathnóirí – Airteagal 14 de na hAirteagail Chomhlachais**

II. 4.1 *Ábhar*

Luaitear in Airteagal 14 de na dréacht-Airteagail Chomhlachais go bhféadfaidh ENNOH breathnóirí a bheith aige. Is féidir stádas breathnóra a dheonú d'oibreoir gréasáin tarchurtha hidrigine de chuid an Aontais atá maolaithe ó cheanglais áirithe de Threoir (AE) 2024/1788 ag a Bhallstát, d'eintitis atá ag feidhmiú mar oibreoirí gréasáin tarchurtha hidrigine i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad ach ar páirtithe iad sa Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh nó ar páirtithe iad sa Choinbhinsiún lena mbunaítear Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

Is féidir le breathnóirí a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí ENNOH, ach srianta áirithe a bheith orthu. De réir Airteagal 14(3) de na hAirteagail Chomhlachais, féadfaidh siad freastal ar chruinnithe an Chomhthionóil Ghinearálta, ach gan cearta vótála a bheith acu, agus féadfaidh siad a bheith rannpháirteach i meithleacha ENNOH freisin, a mhéid a dheonaíonn an Bord.

II. 4.2 *Tuairim ACER*

Is léir do ACER go bhfuil luach ag baint le stádas breathnóra a dheonú d'eintitis ó thíortha a bhfuil comhaontuithe comhair leis an Aontas acu, go háirithe ó na tíortha sin a bhfuil an Tríú Pacáiste Fuinnimh trasuite acu cheana nó a bhfuil an Tríú Pacáiste Fuinnimh á thrasuí acu faoi láthair, mar is dócha go ndéanfaidh na tíortha sin creat dlíthiúil nua an Aontais le haghaidh hidrigine a thrasuí amach anseo. Ar an gcúis chéanna, áfach, maidir le tíortha nach gcuireann *acquis* fuinnimh ábhartha an Aontais i bhfeidhm ná nach bhfuil sé beartaithe acu é a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm, creideann ACER nár cheart cead a thabhairt dóibh a bheith rannpháirteach in oibríochtaí ENNOH ná rannchuidiú lena tháirgí insoláthartha trí bhreathnóirí. Deir ACER freisin, chun dul i gcomhar le hoibreoirí gréasáin ó thríú tíortha, gur féidir le ENNOH comhaontuithe déthaobhacha a thabhairt i gcrích, mar a leagtar amach in Airteagal 26 de na dréacht-Rialacha Nós Imeachta. Leis na comhaontuithe sin, cumasaítear malartú faisnéise is gá agus comhordú gníomhaíochtaí, gan rochtain ar struchtúir inmheánacha ENNOH a dheonú.

Molann ACER stádas breathnóra a theorannú do ghnóthais atá ag gníomhú mar oibreoirí gréasáin tarchurtha hidrigine ó thríú tíortha ar páirtithe iad sa Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh nó ar páirtithe iad sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE).

II.4.3 *Tuairim an Choimisiúin*

Beidh cúraimí sonracha ag ENNOH faoi Rialachán (AE) 2024/1789. Dá réir sin, níor cheart ach do gheallsealbhóirí, lena n-áirítear oibreoirí gréasáin hidrigine, ó thríú tíortha a chuireann reachtaíocht an Aontais i bhfeidhm, a bheith incháilithe le bheith rannpháirteach sna cúraimí sin, fiú mar bhreathnóirí. Comhaontaíonn an Coimisiún le ACER agus molann sé na dréacht-Airteagail Chomhlachais a leasú chun stádas breathnóra a theorannú do ghnóthais atá ag gníomhú mar oibreoirí gréasáin tarchurtha hidrigine ó thríú tíortha ar páirtithe iad sa Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh nó ar páirtithe iad sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE).

Thairis sin, molann an Coimisiún soiléiriú a dhéanamh sna doiciméid reachtúla ar na rialacha maidir le rannpháirtíocht breathnóirí i gComhthionól Ginearálta, ar Bhord agus i struchtúir oibre ENNOH (e.g. meithleacha). Leis na rialacha sin, níor cheart tionchar neamh-inmhianaithe a bheith ag breathnóirí ar chinnteoireacht ENNOH, agus é á chur san áireamh gurb é príomhról ENNOH sainorduithe an Aontais a bhaint amach agus cuspóirí an Aontais a chur chun cinn. Ba cheart a áireamh leis an neartú sin a dhéanamh ar an gcreat rúndachta do bhreathnóirí agus ar na rialacha maidir le rochtain breathnóirí ar fhaisnéis a bhainistiú (cineálacha faisnéise a bhfuil rochtain ag breathnóirí orthu) chun nach nochtfar faisnéis a d'fhéadfadh leasanna an Aontais a chur i mbaol.

II.5. **Comhdhéanamh an Bhoird**

II. 5.1 *Ábhar*

Ceadaítear le hAirteagal 29 de na dréacht-Airteagail Chomhlachais suas le 17 gcomhalta den Bhord a thoghadh. Is éard atá i dtoghchán an Bhoird próiseas trí chéim, lena n-ionchorpraítear suíocháin réamhshannta chun luach saothair a thabhairt do na Ballstáit a infheistíonn i hidrigin. Agus an Bord á thoghadh ag an gComhthionól Ginearálta, áfach, ceanglaítear air machnamh a dhéanamh ar ionadaíocht chothrom na n-oibreoirí gréasáin tarchurtha hidrigine. Leis an gcritéar sna dréacht-Airteagail Chomhlachais, rud a athdhearbhaítear sna dréacht-Rialacha Nós Imeachta, cuirtear d'oibleagáid ar an gComhthionól Ginearálta béim láidir a leagan ar chothromaíocht réigiúnach chóir réasúnta a bhaint amach i measc na gcomhaltaí agus an tUachtarán, na Leas-Uachtaráin agus comhaltaí den Bhord á roghnú acu, chomh maith le hionadaíocht chóir réasúnta na n-oibreoirí gréasáin tarchurtha hidrigine ó na Ballstáit bheaga a áirithiú.

Thairis sin, luaitear in Airteagal 16(2) de na dréacht-Rialacha Nós Imeachta go roghnófar iarrthóirí ar chomhaltaí den Bhord, ar Leas-Uachtaráin agus ar Uachtarán as measc fhostaithe na n-oibreoirí gréasáin tarchurtha hidrigine is comhaltaí, nó as measc fhostaithe na máthairchuideachtaí atá i dteideal ionadaíocht dhlíthiúil a dhéanamh ar an oibreoir gréasáin tarchurtha hidrigine is comhalta.

II. 5.2 *Tuairim ACER*

Ar an gcéad dul síos, tugann ACER dá aire gurb é is aidhm do phrionsabal na cothromaíochta réigiúnaí srian a chur leis an gcóras trí chéim, lena sainordaítear nach bhfaighidh réigiúin níos mó suíochán ná mar a bhfuil údar leis mar gheall ar dháileadh réigiúnach atá cothrom agus réasúnta mar thoradh ar leithdháileadh suíochán réamhshannta. Deir ACER freisin, cé go leagtar amach go soiléir sna doiciméid reachtúla an próiseas toghcháin trí chéim atá ceaptha ceannródaithe a chúiteamh, is doiléir fós an tionchar sonrach atá ag an bprionsabal cothromaíochta réigiúnaí ar an sásra toghcháin agus vótála.

Chun feabhas a chur ar thrédhearcacht, molann ACER tuilleadh sonraí a thabhairt faoin ngné sin sna doiciméid reachtúla féin nó, ar a laghad, i dtreoirdhoiciméad a mbeadh rochtain ag geallsealbhóirí air de réir mar ba ghá. Más é an dara cur chuige sin a ghlactar, ba cheart an treoirdhoiciméad agus aon athbhreithniú a dhéantar ina dhiaidh sin a thuairisciú do ACER agus don Choimisiún tráth a ghlactha.

Ar an dara dul síos, measann ACER freisin go bhfuil sé réasúnta go bhfuil teorainn ama leis na ceithre shuíochán a leithdháiltear ar na Ballstáit cheannródaíocha agus go rachaidh siad in éag nuair a thabharfar isteach córas malartach lena gcúiteofar na Ballstáit sin trí vótaí a ath-leithdháileadh sa Chomhthionól Ginearálta (ar a dtugtar an '*Grid Significance Factor*', a leagtar amach in Airteagal 24(5) agus (6) de na dréacht-Airteagail Chomhlachais agus Airteagal 13 de na dréacht-Rialacha Nós Imeachta). Cé go n-aithníonn ACER go bhféadfadh méid na gcostas infheistíochta agus an éiginnteacht a bhaineann le héabhlóid an mhargaidh hidrigine amach anseo a bheith ina n-ábhar machnaimh chun tréimhse níos faide den suíochán ráthaithe a dheonú i gcomhréir leis na tosca sin, tá amhras ann fós gur cheart an suíochán sin a ráthú ar bhonn buan. Dá bhrí sin, molann ACER foráil a dhéanamh go sainráite maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an riail sin amach anseo.

II.5.3 *Tuairim an Choimisiúin*

Aithníonn an Coimisiún an dúshlán a bhaineann le cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá le cothromaíocht réigiúnach chóir réasúnta i measc na gcomhaltaí agus an tUachtarán, na Leas-Uachtaráin agus comhaltaí den Bhord á roghnú acu, agus an gá atá le hionadaíocht chóir réasúnta na n-oibreoirí gréasáin tarchurtha hidrigine ó na Ballstáit bheaga a áirithiú ar thaobh amháin, agus na Ballstáit cheannródaíocha a chúiteamh i bhfianaise na héiginnteachta maidir le forbairt an mhargaidh hidrigine amach anseo ar an taobh eile. Príomhroinn amháin de dhoiciméid reachtúla ENNOH is ea próiseas toghcháin an Bhoird i gcás inar léir an iarracht sin.

Agus tuairim ACER á cur san áireamh ag an gCoimisiún, molann sé na doiciméid reachtúla a leasú chun:

— níos mó trédhearcachta a sholáthar, trí thuilleadh sonraí a thabhairt faoin tionchar sonrach a bheidh ag prionsabal na cothromaíochta réigiúnaí ar an sásra toghcháin agus vótála sna doiciméid reachtúla nó i ndoiciméid eile a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu; ba cheart aon doiciméad den sórt sin agus aon leasú a dhéantar air a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus ACER; agus

— foráil a dhéanamh maidir le hathbhreithniú a dhéanamh amach anseo ar na rialacha maidir le suíocháin réamh-leithdháilte an Bhoird d'fhonn deireadh a chur leo nuair a thugtar isteach an '*Grid Significance Factor*'.

II.6. **Leasuithe ar na doiciméid reachtúla – Airteagail 47 agus 50 de na hAirteagail Chomhlachais**

II. 6.1 *Ábhar*

Leagtar amach in Airteagal 57(8) de Rialachán (AE) 2024/1789 go ndéanfaidh oibreoirí gréasáin tarchurtha hidrigine aon dréachtleasú ar na reachtanna, ar liosta na gcomhaltaí nó ar rialacha nós imeachta, lena n-áirítear rialacha nós imeachta maidir le dul i gcomhairle le geallsealbhóirí, a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus ACER. Sonraítear an próiseas lena dtugtar na tuairimí sin in Airteagal 57(9)-(12) de Rialachán (AE) 2024/1789 agus is ionann é agus an próiseas lena nglactar doiciméid reachtúla ENNOH.

Le hAirteagal 47 de na hAirteagail Chomhlachais a bhfuil feidhm aige maidir le leasú a dhéanamh ar na hAirteagail Chomhlachais, agus le hAirteagal 50 de na dréacht-Airteagail Chomhlachais a bhfuil feidhm aige maidir leis an leasú ar na Rialacha Nós Imeachta, déantar foráil go nglacfaidh ENNOH leis nach bhfuil aon agóid ag an gCoimisiún agus go leanfaidh sé ar aghaidh le formheas na leasuithe mura bhfaighidh ENNOH tuairim an Choimisiúin maidir leis na leasuithe atá beartaithe laistigh de 7 mí tar éis é a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus ACER.

II. 6.2 *Tuairim ACER*

Tugann ACER dá aire nach bhfuil toimhde thuairim fhabhrach an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 57(11) de Rialachán (AE) 2024/1789. Sainordaítear go soiléir leis an Rialachán gur réamhriachtanas é tuairim fhabhrach shainráite an Choimisiúin chun leasuithe a ghlacadh. Dá bhrí sin, molann ACER ceanglas maidir le tuairim fhabhrach a fháil ón gCoimisiún a chur in ionad na toimhdean sin.

II.6.3 *Tuairim an Choimisiúin*

Comhaontaíonn an Coimisiún le ACER nach bhfuil Airteagail 47 agus 50 de na hAirteagail Chomhlachais i gcomhréir le hAirteagal 57(11) de Rialachán (AE) 2024/1789. Molann an Coimisiún, dá bhrí sin, na hAirteagail sin de na dréacht-Airteagail Chomhlachais a leasú chun a shoiléiriú nach mór tuairim fhabhrach a fháil ón gCoimisiún sular féidir leasú ar na doiciméid reachtúla uile a ghlacadh (go háirithe na hairteagail chomhlachais, liosta na gcomhaltaí agus na rialacha nós imeachta, lena n-áirítear na rialacha nós imeachta maidir le dul i gcomhairle le geallsealbhóirí) agus sular féidir na doiciméid a thabhairt chun críche.

II.7. **Athruithe ar liosta na gcomhaltaí**

II. 7.1 *Ábhar*

Liostaítear in Airteagal 57(8) de Rialachán (AE) 2024/1789 liosta chomhaltaí ENNOH i measc na ndoiciméad reachtúil a chuirfidh ENNOH faoi bhráid an Choimisiún agus ACER chun tuairim a fháil uathu i gcás leasaithe.

Ní leagtar amach go soiléir sna dréacht-Airteagail Chomhlachais ná sa dréacht-Rialacha Nós Imeachta an próiseas chun liosta na gcomhaltaí a leasú agus ní thugtar aghaidh ar ról an Choimisiúin ná do ról ACER sa phróiseas sin. Ní luaitear sna hAirteagail Chomhlachais ach amháin go bhfuil sé de rogha ag an gComhthionól Ginearálta cinntí nó gníomhaíochtaí a dhéanamh a mbeidh athruithe ar liosta na gcomhaltaí mar thoradh orthu (glacadh isteach comhaltaí nua in Airteagal 7(1) de na hAirteagail Chomhlachais agus Airteagal 2(2) de na Rialacha Nós Imeachta, aistriú comhlachais in Airteagal 8(1) de na hAirteagail Chomhlachais, eisiamh comhaltaí in Airteagal 10(1) de na hAirteagail Comhlachais agus in Airteagal 4(1) de na Rialacha Nós Imeachta, nó bainistiú éirí as in Airteagal 9 de na hAirteagail Chomhlachais agus in Airteagal 3(3) de na Rialacha Nós Imeachta).

II. 7.2 *Tuairim ACER*

Dar le ACER, bíonn na próisis sin lasmuigh den chreat reachtúil má fhágtar ar lár an próiseas chun leasú a dhéanamh ar liosta na gcomhaltaí ó na doiciméid reachtúla agus go gcruthaítear éiginnteacht dá bharr sin. Dar le ACER, is ábhar imní ar leith é sin toisc go sonraítear go sainráite sna reachtanna an nós imeachta chun na hAirteagail Chomhlachais agus na Rialacha Nós Imeachta a leasú (Airteagail 47 agus 50 de na hAirteagail Chomhlachais), ach níl aon rud iontu maidir leis an gcaoi ar cheart liosta na gcomhaltaí a thabhairt cothrom le dáta. Dá bhrí sin, molann ACER a shoiléiriú sna doiciméid reachtúla nach mór athruithe ar liosta na gcomhaltaí, amhail glacadh isteach, aistriú, éirí as agus eisiamh, a chur faoi bhráid ACER agus an Choimisiúin araon.

II.7.3 *Tuairim an Choimisiúin*

Aontaíonn an Coimisiún le ACER go gcruthaítear éiginnteacht trí rialacha maidir le leasú ar liosta na gcomhaltaí a fhágáil ar lár. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún na dréacht-Airteagail Chomhlachais agus na Rialacha Nós Imeachta a leasú chun a shoiléiriú go gcuirfear leasuithe ar liosta na gcomhaltaí faoi bhráid an Choimisiúin agus ACER chun tuairim a fháil uathu agus go bhfaighfear tuairim fhabhrach ón gCoimisiún.

II.8. **Díscaoileadh ENNOH – Airteagal 48 de na hAirteagail Chomhlachais**

II. 8.1 *Ábhar*

Leagtar amach in Airteagal 48 de na hAirteagail Chomhlachais nach féidir ENNOH a dhíscaoileadh ach trí thogra ón mBord agus ní mór don Chomhthionól Ginearálta é a fhormheas, lena n-éilítear vóta tromlaigh speisialta agus córam dhá thrian agus go gcinnfidh an Comhthionól Ginearálta modh a dhíscaoilte agus a leachtaithe.

II. 8.2 *Tuairim ACER*

Cuireann ACER i dtábhacht go sainordaítear le Rialachán (AE) 2024/1789 ENNOH a bhunú agus a bheith ann chun bainistiú optamach ghréasán hidrigine an Aontais a áirithiú agus chun trádáil agus soláthar hidrigine ar fud an Aontais a chumasú. Chun formhaoirseacht rialaitheach leordhóthanach a áirithiú, mar a cheanglaítear leis an Rialachán, molann ACER a lua go sainráite sna doiciméid reachtúla nach mór do Chomhthionól Ginearálta ENNOH tuairim a fháil ó ACER agus ón gCoimisiún sula ndéanann sé aon chinneadh an comhlachas a dhíscaoileadh, agus nach féidir an cinneadh sin a dhéanamh mura bhfuil tuairim an Choimisiúin fabhrach.

II.8.3 *Tuairim an Choimisiúin*

Ábhair imní ACER a mhéid a bhaineann leis na rialacha in Airteagal 48 de na dréacht-Airteagail Chomhlachais agus le díscaoileadh ENNOH, is ábhair imní don Choimisiún iad freisin.

Molann an Coimisiún, dá bhrí sin, na hAirteagail Chomhlachais a leasú chun a shoiléiriú gur cheart a mheas gur leasú ar na doiciméid reachtúla lena mbunaítear ENNOH é díscaoileadh ENNOH agus, dá bhrí sin, nach mór é a chur faoi bhráid ACER agus an Choimisiúin chun tuairim a fháil uathu agus nach mór tuairim fhabhrach a fháil ón gCoimisiún.

II.9. **Comhaontuithe déthaobhacha le hoibreoirí gréasáin hidrigine tríú tír – Airteagal 26 de na Rialacha Nós Imeachta**

II. 9.1 *Ábhar*

Le hAirteagal 26 de na dréacht-Rialacha Nós Imeachta, ceadaítear do ENNOH comhaontuithe déthaobhacha a thabhairt i gcrích chun dul i gcomhar le hoibreoirí gréasáin hidrigine ó thríú tíortha nach bhfuil incháilithe do stádas breathnóra. Tugann an Bord na comhaontuithe déthaobhacha sin i gcrích tar éis dó formheas d'aon toil a fháil ó na comhaltaí uile, lena n-áirítear comhpháirtithe comhlachaithe a ndéantar difear díreach dóibh. Sonraítear leis an bhforáil sin freisin go bhfuil sé i gceist leis na comhaontuithe sin malartú faisnéise agus gníomhaíochtaí comhordaithe a chumasú.

II. 9.2 *Tuairim ACER*

Tugann ACER dá aire, cé go n-áirithítear leis an bhforáil nach dtabharfar, leis an gcomhar sin, rochtain d'oibreoirí tríú tír ar struchtúir ná ar fhaisnéis ENNOH atá eisiach do chomhaltaí ENNOH, ní léir fós cén fhaisnéis shonrach dá dtagraítear ná cén bhaint atá aici le faisnéis a aicmítear mar fhaisnéis rúnda nó neamhphoiblí.

Deir ACER freisin gur chosúil nach mbeadh ach méid beag faisnéise teoranta do chomhaltaí ENNOH i ndáiríre ós rud é go bhfuil rochtain ag comhpháirtithe comhlachaithe agus breathnóirí ar struchtúir uile ENNOH. Dar le ACER, tugann sé sin le tuiscint go bhféadfaí an chuid is mó den fhaisnéis atá ar fáil laistigh de ENNOH a roinnt le hoibreoirí tríú tír trí na comhaontuithe déthaobhacha sin, rud a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar oibríochtaí ENNOH.

Molann ACER na comhaontuithe sin a aithint mar chuid d'fheidhmeanna fíor-riachtanacha ENNOH, iad a rialáil laistigh de na doiciméid reachtúla agus iad a bheith faoi réir athbhreithniú roimh ré ag ACER agus ag an gCoimisiún, go háirithe maidir leis an bhfaisnéis a roinntear le hoibreoirí tríú tír.

II.9.3 *Tuairim an Choimisiúin*

Tá an imní chéanna ar an gCoimisiún agus atá ar ACER agus iarrann sé ar ENNOH na dréacht-Rialacha Nós Imeachta a leasú chun rialacha maidir le malartú faisnéise le hoibreoirí gréasáin hidrigine ó thríú tíortha a áireamh faoi chuimsiú an chomhair bunaithe ar chomhaontuithe déthaobhacha, lena n-áirítear idirdhealú soiléir idir an fhaisnéis atá ar fáil go heisiach do chomhaltaí ENNOH agus faisnéis is féidir a mhalartú le hoibreoirí gréasáin hidrigine ó thríú tíortha.

II.10. **Coistí dréachtaithe – Airteagal 33 de na Rialacha Nós Imeachta**

II. 10.1 *Ábhar*

Le hAirteagal 72(10) de Rialachán (AE) 2024/1789, ceanglaítear ar ENNOH coiste dréachtaithe a thionól chun cabhrú le forbairt na gcód gréasáin. Ionadaithe de chuid ACER, ENTSO-G, ENTSO-E, agus, i gcás inarb iomchuí, eintiteas Eorpach d'oibreoirí córas dáileacháin, mar aon le líon teoranta geallsealbhóirí lena mbaineann, ní mór dóibh a bheith ar an gcoiste sin.

Sonraítear in Airteagal 33(5) de na dréacht-Rialacha Nós Imeachta gur cheart coiste dréachtaithe dá chuid féin a bheith ag gach cód gréasáin. Luaitear ann freisin go gcinnfear comhdhéanamh na gcoistí sin trí phróiseas trédhearcach agus oibiachtúil agus úsáid á baint as critéir roghnúcháin chuimsitheacha, agus go dtabharfar cúiseanna lena ndiúltú d'iarrthóirí ar diúltaíodh dóibh. Ina theannta sin, déantar foráil san airteagal go bhfoilseoidh ENNOH na rialacha lena rialaítear oibriú agus bunú na gcoistí dréachtaithe nuair atá gach próiseas forbartha cód gréasáin seolta.

II. 10.2 *Tuairim ACER*

Tá roinnt barúlacha ag ACER a mhéid a bhaineann le coistí dréachtaithe.

Ar an gcéad dul síos, tugann ACER dá aire nach mínítear in Airteagal 33 de na dréacht-Rialacha Nós Imeachta conas a chuirfear na coistí dréachtaithe ar bun ná conas a oibreoidh siad, agus go bhfuil a ról i bpróiseas forbartha chóid ghréasáin ENNOH doiléir freisin. Tagraítear in Airteagal 26(6) de na Rialacha Nós Imeachta do 'comhairle', rud a thugann le tuiscint go bhfeidhmíonn na coistí dréachtaithe go príomha mar chomhlachtaí comhairleacha nó mar chomhlachtaí comhairliúcháin, agus gurb iad na meithleacha a dhéanann an dréachtú féin. Ní shonraítear leibhéal ná minicíocht na hidirghníomhaíochta idir na meithleacha agus na coistí dréachtaithe ach oiread.

Molann ACER, dá bhrí sin, gur cheart na Rialacha Nós Imeachta a bheith soiléir maidir le cathain agus conas a thionóltar na coistí dréachtaithe, an doiciméadacht a mbeidh rochtain acu uirthi, agus a rannpháirtíocht ag céimeanna éagsúla de phróiseas forbartha na gcód gréasáin, go dtí go gcuirfear an cód faoi bhráid ACER. Ina theannta sin, ba cheart an caidreamh idir na coistí dréachtaithe agus na meithleacha a shainiú go sainráite sna Rialacha Nós Imeachta, ar coistí agus meithleacha iad ar gá a róil faoi seach a chur in iúl ar bhealach níos soiléire.

Ar an dara dul síos, tagraíonn ACER do thoradh a chomhairliúcháin phoiblí maidir le dréachtdhoiciméid reachtúla ENNOH ([5]) lena moltar raon leathan geallsealbhóirí sa mhargadh a bheith rannpháirteach i bhforbairt chóid ghréasáin ENNOH, geallsealbhóirí amhail seoltóirí, táirgeoirí, soláthróirí agus oibreoirí trádála. Aontaíonn ACER leis na geallsealbhóirí go bhfuil sé sin fíor-riachtanach chun trédhearcacht a chur chun cinn agus nuálaíocht a chothú.

Dá bhrí sin, molann ACER do ENNOH grúpa geallsealbhóirí éagsúil a ionchorprú sna coistí dréachtaithe chun cóid ghréasáin a ailíniú le réaltachtaí reatha an mhargaidh agus le forbairtí teicneolaíochta chomh maith agus is féidir. Anuas ar chomhdhéanamh na gcoistí dréachtaithe, molann ACER comhlachtaí saineolaithe aeráide neamhspleácha, amhail an Bord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide, a áireamh sna coistí dréachtaithe. Lena rannpháirtíocht, thabharfaí comhairle straitéiseach neamhchlaonta do ENNOH le linn phróiseas forbartha na rialacha, rud a áiritheodh ailíniú le spriocanna fuinnimh agus aeráide an Aontais chomh maith le leasanna shochaí na hEorpa i gcoitinne.

II.10.3 *Tuairim an Choimisiúin*

Tugann an Coimisiún dá aire go dtacófar, le rialacha soiléire maidir le bunú agus feidhmiú na gcoistí dréachtaithe, lena ról i bpróiseas forbartha na gcód gréasáin.

Dá bhrí sin, iarrann an Coimisiún ar ENNOH na Rialacha Nós Imeachta a leasú chun rialacha a thabhairt isteach maidir leis an méid seo a leanas:

— cathain agus conas a thionóltar na coistí dréachtaithe,

— an doiciméadacht a mbeidh rochtain acu uirthi,

— a rannpháirtíocht ag céimeanna éagsúla de phróiseas forbartha na gcód gréasáin, agus

— róil na gcoistí dréachtaithe agus na meithleacha agus an caidreamh eatarthu.

Thairis sin, comhaontaíonn an Coimisiún le ACER go ndéanfaí trédhearcacht a chur chun cinn agus nuálaíocht a chothú, agus go rannchuideofaí le cuspóirí ENNOH a bhaineann leis an aeráid a leagtar amach in Airteagal 57(6) de Rialachán (AE) 2024/1789 dá mbeadh raon leathan geallsealbhóirí hidrigine rannpháirteach, geallsealbhóirí lena n-áirítear comhlachtaí saineolaithe aeráide neamhspleácha agus ionadaithe na sochaí sibhialta. Léireodh sé freisin an oibleagáid dhlíthiúil atá ann a áirithiú go bhfuil na príomhgheallsealbhóirí, a ndéantar difear dóibh, rannpháirteach sna coistí dréachtaithe.

Dá bhrí sin, molann an Coimisiún Airteagal 33 de na Rialacha Nós Imeachta a leasú a chun an moladh sin a léiriú.

II.11. **Rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí agus comhairliúcháin**

II. 11.1 *Ábhar*

Le hAirteagal 63 de Rialachán (AE) 2024/1789, ceanglaítear ar ENNOH próiseas forleathan comhairliúcháin phoiblí a dhéanamh agus a tháirgí insoláthartha á n-ullmhú aige. Ní mór tús a chur leis an bpróiseas go luath, é a bheith oscailte agus trédhearcach, agus na rannpháirtithe ábhartha uile sa mhargadh a áireamh ann, go háirithe eagraíochtaí

([5]) An 23 Meán Fómhair 2024, sheol ACER comhairliúchán poiblí maidir le dréachtdhoiciméid reachtúla ENNOH, inar iarradh ar na geallsealbhóirí uile a mbarúlacha a chur isteach faoin 21 Deireadh Fómhair 2024. Lorg ACER tuairimí go sonrach ó eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar na geallsealbhóirí uile, go háirithe na húsáideoirí córais, lena n-áirítear custaiméirí. Fuair ACER 13 fhreagra a breithníodh agus a Thuairim á hullmhú aige. Tá na freagraí sin foilsithe ar shuíomh gréasáin comhairliúcháin ACER, agus déantar achoimre orthu sa Tuarascáil Mheastóireachta atá i gceangal le Tuairim ACER.

geallsealbhóirí, i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta maidir le dul i gcomhairle le geallsealbhóirí. Cuirfear barúlacha geallsealbhóirí san áireamh sa phróiseas comhairliúcháin sula nglacfar go críochnaitheach leis an togra, d'fhonn tuairimí agus moltaí na ngeallsealbhóirí ábhartha uile a shainaithint le linn an phróisis cinnteoireachta. Údaráis rialála náisiúnta agus údaráis náisiúnta eile, táirgeoirí, úsáideoirí gréasáin, lena n-áirítear custaiméirí, comhlachtaí teicniúla agus ardáin na ngeallsealbhóirí, ba cheart dóibh a bheith rannpháirteach sa chomhairliúchán freisin.

II. 11.2 *Tuairim ACER*

Tugann ACER dá aire go léirítear na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 63 de Rialachán (AE) 2024/1789 sna dréacht-Rialacha Nós Imeachta maidir le dul i gcomhairle le geallsealbhóirí, tríd is tríd. Mar a thug na geallsealbhóirí dá n-aire freisin i gcomhairliúchán ACER, áfach, níl mionsonraí ná beachtais leordhóthanacha sna dréacht-Rialacha Nós Imeachta maidir le dul i gcomhairle le geallsealbhóirí, rud a d'fhéadfadh an trédhearcacht a chur i mbaol agus mearbhall a chur ar dhaoine.

Dá bhrí sin, molann ACER do ENNOH tuilleadh sonraí a thabhairt faoina bpróiseas rannpháirtíochta agus faoina bpróiseas comhairliúcháin le geallsealbhóirí, agus soiléiriú a thabhairt de réir mar is gá.

A mhéid a bhaineann leis an íostréimhse chomhairliúcháin, creideann ACER go mbaintear cothromaíocht éifeachtach amach leis an tréimhse 2 mhí a leagtar amach in Airteagal 9(14) de na dréacht-Rialacha Nós Imeachta maidir le dul i gcomhairle le geallsealbhóirí idir aschuir ENNOH a sheachadadh go tráthúil agus rannpháirtíocht fhóinteach na ngeallsealbhóirí. Measann ACER, áfach, gur cheart comhairliúcháin níos giorra ná mí amháin a bheith eisceachtúil. I gcásanna den sórt sin, ba cheart réamhfhógra leordhóthanach a thabhairt do gheallsealbhóirí, agus ba cheart na cúiseanna leis an tréimhse chomhairliúcháin a ghiorrú a chur in iúl go soiléir do na geallsealbhóirí uile agus do ACER. Molann ACER an fhoráil sin a áireamh go sainráite in Airteagal 9(14) de na Rialacha Nós Imeachta maidir le dul i gcomhairle le geallsealbhóirí.

Tugann ACER dá aire freisin go bhfuil neamhréireacht idir an íostréimhse chomhairliúcháin ghinearálta 2 mhí in Airteagal 9(14) de na Rialacha Nós Imeachta maidir le dul i gcomhairle le geallsealbhóirí agus an tréimhse míosa a luaitear in Airteagal 32(3) de na Rialacha Nós Imeachta le haghaidh comhairliúchán le geallsealbhóirí maidir leis an dréacht-Chlár Oibre Bliantúil. I bhfianaise thábhacht an dréacht-Chláir Oibre Bhliantúil maidir le léargas a thabhairt do gheallsealbhóirí i dtaca le táirgí insoláthartha agus próisis bheartaithe ENNOH, molann ACER síneadh 2 mhí ar a laghad a chur le tréimhse chomhairliúcháin an dréacht-Chláir Oibre Bhliantúil. Ina theannta sin, molann ACER a shoiléiriú in Airteagal 32(3) de na Rialacha Nós Imeachta gur cheart comhairliúchán an dréacht-Chláir Oibre Bhliantúil a dhéanamh sula gcuirtear isteach é chun tuairim a fháil ó ACER, rud a chuirfeadh ar chumas ENNOH aiseolas ó gheallsealbhóirí a ionchorprú sa leagan a chuirfear faoi bhráid ACER.

II.11.3 *Tuairim an Choimisiúin*

Dar leis an gCoimisiún, ní mór struchtúr agus fad na gcomhairliúchán poiblí a leagan amach sa dóigh go mbeidh deis chothrom ag na geallsealbhóirí uile a ndéantar difear dóibh a mbarúlacha a thabhairt. Sa chomhthéacs sin, is cosúil go bhfuil tréimhse chomhairliúcháin réamhshocraithe 2 mhí leordhóthanach. Molann an Coimisiún na cásanna ina rachaidh ENNOH i gcomhairle leis an bpobal le linn tréimhsí níos giorra ná 2 mhí a shonrú sna Rialacha Nós Imeachta maidir dul i gcomhairle le geallsealbhóirí, ar a laghad trí bhíthin samplaí. Thairis sin, molann an Coimisiún do ENNOH breithniú a dhéanamh ar réamhchomhairliúcháin a úsáid i gcás ina bhfuil an tréimhse chomhairliúcháin fhoirmiúil níos giorra ná 2 mhí.

Ina theannta sin, comhaontaíonn an Coimisiún le ACER gur cheart comhairliúcháin níos giorra ná mí amháin a bheith eisceachtúil. Iarrann an Coimisiún ar ENNOH Airteagal 9(14) de na Rialacha Nós Imeachta maidir le dul i gcomhairle le geallsealbhóirí a leasú chun oibleagáidí ar ENNOH a chur san áireamh chun an réamhfhógra is gá a thabhairt do gheallsealbhóirí agus na cúiseanna leis an tréimhse chomhairliúcháin a ghiorrú i gcásanna den sórt sin a chur in iúl dóibh.

Molann an Coimisiún freisin an fhoráil in Airteagal 33 de na dréacht-Rialacha Nós Imeachta maidir le forbairt cód gréasáin a ailíniú le forálacha ábhartha na Rialacha Nós Imeachta maidir le dul i gcomhairle le geallsealbhóirí. Go háirithe, ba cheart tagairt do na Rialacha Nós Imeachta maidir le dul i gcomhairle le geallsealbhóirí a bheith in Airteagal 33(2) de na dréacht-Rialacha Nós Imeachta maidir leis an bplean tionscadail um chóid ghréasáin a fhorbairt.

Ina theannta sin, tá an imní chéanna ar an gCoimisiún agus atá ar ACER agus na geallsealbhóirí maidir leis an easpa mionsonraí agus beachtais sna dréacht-Rialacha Nós Imeachta maidir le dul i gcomhairle le geallsealbhóirí agus iarrann sé ar ENNOH tuilleadh sonraí a thabhairt faoina bpróiseas rannpháirtíochta agus faoina bpróiseas comhairliúcháin le geallsealbhóirí, chun bheith soiléir agus chun trédhearcacht a áirithiú.

II.12. **Éagsúlacht agus cothromaíocht inscne**

II. 12.1 *Ábhar*

Níl sna dréachtdhoiciméid reachtúla ach critéar chun comhaltaí Boird a roghnú, is é sin, ionadaíocht chothrom gheografach agus eacnamaíoch a áirithiú i measc na gcomhaltaí (in Airteagal 29(2) de na hAirteagail Chomhlachais agus in Airteagal 17(1) de na Rialacha Nós Imeachta). Ní áirítear aon chritéar roghnúcháin sonrach chun róil shinsearacha nó róil bhainistíochta eile a cheapadh in ENNOH, amhail stiúrthóirí, cinn roinne nó ceannairí foirne.

II. 12.2 *Tuairim ACER*

Ba dhíol sásaimh do ACER é dá n-áireofaí critéir éagsúlachta agus cothromaíochta inscne i dtoghadh chomhaltaí Bhord ENNOH agus, i gcás inar féidir, i gceapadh ról sinsearach. Bheadh sé sin ag teacht leis na cuspóirí rialála a leagtar amach i reachtaíocht na hEorpa ([6]) agus i reachtaíocht na Beilge ([7]) araon, an dlí faoina mbunófaí ENNOH.

II.12.3 *Tuairim an Choimisiúin*

Is luach bunaidh de chuid an Aontais é an comhionannas a bhunaítear faoi Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus is oibleagáid de chuid an Aontais é comhionannas a chur chun cinn idir fir agus mná (Airteagal 3(3) CAE). Tá sprioc leagtha síos ag an gCoimisiún maidir le paireacht inscne ar gach leibhéal bainistíochta faoi dheireadh shainordú 2019-2024 agus leanfaidh sé de bheith ag seasamh leis na luachanna sin amach anseo.

Dá bhrí sin, molann an Coimisiún do ENNOH paireacht inscne a áireamh mar chritéar chun comhaltaí boird a thoghadh agus chun róil shinsearacha a cheapadh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Aibreán 2025

Thar ceann an Choimisiúin
Dan JØRGENSEN
Comhalta den Choimisiún

([6]) Treoir (AE) 2022/2381 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne i measc stiúrthóirí cuideachtaí liostaithe agus bearta gaolmhara, (IO L 315, 7.12.2022, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2381/oj).

([7]) Airteagal 2 de dhlí feidearálach na Beilge an 28 Iúil 2011, Moniteur Belge, an 14 Meán Fómhair 2011.